An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

**LEABHRÁN EOLAIS AN IARRTHÓRA**

LÉIGH GO CÚRAMACH LE DO THOIL

Comórtas oscailte do cheapachán mar:

# Speisialtóir Cumarsáide
## sa
## Státseirbhís
## (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

**Dáta Dúnta: 3i.n. ar an Déardaoin 18 Aibreán 2024**

**CID: 24168402**

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Reachtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an feachtas earcaíochta seo de réir na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP).

Foilsíonn an CCSP Cóid Chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.iehttp://www.cpsa.ie/

---

**Teagmháil le**:
hAlex Rogers
Earcaíocht Ghairmiúil agus Theicniúil 1
Áras na Caibidle
26 – 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
Ríomhphost: professionaltechnical@publicjobs.ie
Príomhuimhir Ghutháin: (353) 1 858 7400
URL: www.publicjobs.ie

## CLÁR NA nÁBHAR

Cúlra....................................................................3

An Ról....................................................................3

Riachtanais Iontrála....................................................................5

Cáilitheacht chun iarratas a dhéanamh agus srianta áirithe maidir le cáilitheacht....................................................................8

Príomhchoinníollacha Seirbhíse ....................................................................9

Próiseas an Chomórtais....................................................................13

Dáta Dúnta ....................................................................13

Modhanna Roghnaithe ....................................................................13

Iarrthóirí faoi Mhíchumas……………………………………………….15

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin....................................................................15

Dualgais na nIarrthóirí ....................................................................17

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) ....................................................................18

## Speisialtóir Cumarsáide
## sa Státseirbhís (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

### Cúlra
Tá an Státseirbhís ag croílár shochaí na hÉireann. Bíonn tionchar ag gach ní a dhéanaimid ar ár dtír agus, níos tábhachtaí fós, ar mhuintir na tíre. Is institiúid láidir agus iontaofa muid, atá ag freastal ar mhuintir na hÉireann ó bunaíodh an Stát. Cé go bhfuil na dúshláin atá roimh an Státseirbhís inniu difriúil ó na dúshláin a bhí ann nuair a bunaíodh an Stát, tá ár bpríomhluachanna mar an gcéanna.

Eagraíocht mhór chasta is ea Státseirbhís na hÉireann a fhostaíonn os cionn 47,000 duine i dtimpeall 40 Roinn agus oifig Rialtais agus réimse comhlachtaí eile. Cuireann an Státseirbhís go mór le saol mhuintir na hÉireann gach lá. Bíonn tionchar ag gach rud a dhéanann an Státseirbhís - idir obair an Rialtais a chomhlíonadh agus seirbhísí bunlíne poiblí a sholáthar - ar Éirinn ar bhealach éigin.

Tá tábhacht ar leith ag baint le feabhas a chur ar chumas cumarsáide i Ranna Rialtais chun a chinntiú go gcuirtear polasaithe i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach agus chun a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag an bpobal ar an obair atá á déanamh ag Státseirbhísigh le soláthar ar son mhuintir na hÉireann. Chun aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh le saoránaigh, rinneadh Ranna a seirbhísí cumarsáide a ghairmiúlú ag gach leibhéal.

Tá Speisialtóirí Cumarsáide a n-earcú ag an Státseirbhís anois, ról a chuireann gairm ina bhfuil sásamh le fáil agus ina bhfuil éagsúlacht le brath, mar aon le téarmaí agus coinníollacha iomaíocha.

Mar aon le gairm dhúshlánach as ar féidir leo sásamh a bhaint, is iad seo a leanas cuid de na buntáistí a chuireann an Státseirbhís ar fáil do Speisialtóirí Cumarsáide:

- Tuarastal iomaíoch, agus incrimintí bliantúla atá bunaithe ar fheidhmíocht shásúil
- Pinsean Earnála Poiblí
- 29 lá saoire sa bhliain, ag árdú go 30 lá tar éis 5 bliana.
- Uaireanta oibre solúbtha, agus gealltanas maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus ionad oibre a oireann do theaghlaigh
- Deiseanna foghlama agus forbartha, lena n-áirítear rochtain ar scéim um aisíoc táillí, saoire staidéir ar íocaíocht agus saoire scrúdaithe ar íocaíocht
- Scéim um Bhliain Oibre Níos Giorra.
- Deis cur isteach ar shosanna gairme
- An scéim um rothaíocht chun na hoibre
- Rocthain ar Chomhar Creidmheasa na Seirbhíse Poiblí
- Ceadúnas d'iompar poiblí a chabhraíonn le daoine cáin a shábháil
- Deiseanna rialta ardaithe céime trí chomórtais inmheánacha, idir-rannacha agus oscailte.

### An Ról
Grád ar aon chéim le grád an Ardoifigigh Feidhmiúcháin, grád ag leibhéal na meánbhainistíochta sa Státseirbhís, é grád an Speisialtóra Cumarsáide (Féach ar Aguisín 1). Cé go mbeidh dualgais éagsúla i gceist ag brath ar an eagraíocht ina dtagann folúntais chun cinn, beidh ar an Speisialtóir Cumarsáide a bheith in ann líonrú go héifeachtach, caidrimh a chothú agus teagmháil a dhéanamh le agus tionchar a imirt ar pháirithe leasmhara ag gach leibhéal sinsearachta. Beifear ag súil leis chomh maith go léireoidh siad breithiúnas stuama agus solúbthacht i dtimpeallacht dhúshlánach agus ghnóthach. Tabharfaidh an ról deis iontach d'iarrthóirí a n-éiríonn leo beartas, straitéis agus cleachtas cumarsáide a mhúnlú i Ranna agus in oifigí Rialtais.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbíonn obair oíche/obair ag deirí seachtaine i gceist sa ról i roinnt Ranna/Oifigí Rialtais, nó i 'ngníomhaireachtaí' de Ranna Rialtais. Má tharlaíonn sé sin, beidh rátaí ragoibre agus taistil agus cothaithe na Státseirbhíse i bhfeidhm.

## Príomhdhualgais agus Freagrachtaí

Ag brath ar an eagraíocht Státseirbhíse, seo a leanas achoimre ar na cineálacha dualgas agus tascanna a bheidh le comhlíonadh ag an té a cheapfar:

- Cabhrú le straitéisí a fhorbairt le feabhas a chur ar an gcumarsáid sheachtrach agus inmheánach agus cur le cur i bhfeidhm na straitéisí sin.
- Caidreamh leis na meáin a bhainistiú, lena n-áirítear preasráitis a ullmhú, ceisteanna ó iriseoirí agus ó theagmhálacha eile sna meáin a láimhseáil trí ghlaonna gutháin agus trí mheán an ríomhphoist.
- Liostaí cuimsitheacha meán a bhainistiú agus caidrimh a chothú leis na meáin de réir thosaíochtaí gnó na heagraíochta.
- Imeachtaí, agallaimh agus preasócáidí a shocrú agus a eagrú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí reatha, lena n-áirítear gnó an Oireachtais, agus clúdach ar an eagraíocht sna meáin agus an t-eolas seo a scaipeadh chuig na páirtithe leasmhara inmheánacha cuí.
- Bainistíocht a dhéanamh ar bhaill fhoirne shóisearacha ó lá go lá, de réir mar is gá, agus tacú le cur chuige comhtháite agus bríomhar san fhoireann chumarsáide.
- Straitéis dhigiteach agus meán sóisialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear féilirí ina bhfuil ábhar bainteach, bunaithe ar thosaíochtaí cumarsáide na heagraíochta.
- Ábhar a chruthú ar féidir úsaid a bhaint as ar ardáin uilig na heagraíochta, lena n-áirítear grianghrafadóireacht, físeáin, grafaicí.
- Tacú le agus eolas a chur ar fáil d'urlabhraithe le hullmhú d'imeachtaí meán agus oiliúint a chomhordú más gá.
- Cabhair a thabhairt maidir le modhanna nua agus nuálacha a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh leis na meáin agus leis an phobal;
- Dearcadh seachtrach a choinneáil chun a bheith cothrom le dáta maidir le treochtaí tomhaltóirí agus le forbairtí cumarsáide cuí.
- Páirt a ghlacadh i Líonra Cumarsáide an Rialtais agus tacú le comhoibriú tras-Rialtais le dea-chleachtas cumarsáide a sholáthar.
- Dualgais eile atá oiriúnach don ról agus a thabharfaidh Ceann na Rannóige/Roinne, de réir mar is gá, ó am go ham, a chomhlíonadh.

**Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint gur treoir ghinearálta maidir leis an ról atá sa mhéid thuas agus nach cur síos iomlán atá ann ar na dualgais a bhaineann leis an ról nó ar na tascanna ar féidir go dtugar iad don Speisialtóir Cumarsáide sa Státseirbhís.**

## Folúntais

Cuirfear iarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas seo ar phainéal, in ord fiúntais agus líonfar folúntais a thagann chun cinn ón bpainéal seo. Tá folúntais ar fáil láithreach bonn i roinnt eagraíochtaí Státseirbhíse, lena n-áirítear an Roinn Iompair, an Roinn Slainte, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tuigtear go mbeidh an chuid is mó de na folúntais a tharlóidh le linn thréimhse an phainéil i mBaile Átha Cliath.

Is féidir go líonfar folúntais i Seirbhís Faisnéise an Rialtais i Roinn an Taoisigh ón gcomórtas seo chomh maith. Beidh iarrthóirí a cheaptar i róil i Seirbhís Faisnéise an Rialtais ag obair ar chláir chumarsáide don Rialtas uilig i dtimpeallacht ghnóthach. Mar chuid de ról an speisialtóra cumarsáide i Seirbhís Faisnéise an Rialtais, beidh ar cheapaithe taisteal rialta a dhéanamh leis an Taoiseach agus beidh orthu a bheith ag obair ag deirí seachtaine/san oíche uaireanta. Arís, má tharlaíonn sé sin, beidh rátaí ragoibre agus taistil agus cothaithe na Státseirbhíse i bhfeidhm.

Ba chóir go mbeadh iarrthóirí ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- Is féidir go gcuirfear iarrthóirí ón gcomórtas seo ag obair in aon eagraíocht Státseirbhíse, lena n-áirítear Ranna agus Oifigí Rialtais, agus eagraíochtaí eile.
- Ní mór glacadh le tairiscint ón gcomórtas seo taobh istigh de chúig lá oibre. Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am sin, glacfar leis gur diúltaíodh é.

## RIACHTANAIS IONTRÁLA

### Riachtanach

**Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu ar an nó roimh an Déardaoin 18 Aibreán 2024:**

1. Cáilíocht ag leibhéal 8, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí nó cáilíocht ar aon chéim leis seo ar Chreat NARIC um Cháilíochtaí Iasachta in Éirinn in aon ábhar **agus** taithí bhliana iarcháilíochta ábhartha in dhá cheann nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
   - Obair a dhéanamh ar fheachtais chumarsáide
   - Obair a dhéanamh sna meáin
   - Meáin dhigiteacha/shóisialta a bhainistiú ar bhonn gairmiúil, lena n-áirítear Iriseoireacht Mhóibíleach
   - Obair a dhéanamh sa Bhainistíocht Imeachtaí
   - Ábhar a fhorbairt ar ardáin éagsúla
   - Suíomh(anna) gréasáin a bhainistiú
   - Páirtithe Leasmhara a bhainistiú
   - Grianghrafadóireacht agus/nó físléiriú agus obair iarléiriúcháin

**Nó**

2. Taithí ábhartha trí bliana ar a bheith ag obair i réimse na cumarsáide, i bpreasoifig, i réimse an chaidrimh leis na meáin, nó in ábhair bhainteacha; lena n-áirítear taithí chruthaithe in dhá cheann nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
   - Obair a dhéanamh ar fheachtais chumarsáide
   - Obair a dhéanamh sna meáin
   - Meáin dhigiteacha/shóisialta a bhainistiú ar bhonn gairmiúil, lena n-áirítear Iriseoireacht Mhóibíleach
   - Obair a dhéanamh sa Bhainistíocht Imeachtaí
   - Ábhar a fhorbairt ar ardáin éagsúla
   - Suíomh(anna) gréasáin a bhainistiú
   - Páirtithe Leasmhara a bhainistiú
   - Grianghrafadóireacht agus/nó físléiriú agus obair iarléiriúcháin

**agus**

3. Cumas cruthaithe cumarsáid a sholáthar d'eagraíocht;
4. Scileanna láidre cumarsáide, cruthaitheacha agus eagrúcháin;
5. Eolas domhain ar na meáin agus ar threochtaí gaolmhara maidir le hardáin chló, chraolacháin agus dhigiteacha;
6. Tuiscint mhaith ar an éifeacht atá ag oll-chumarsáid agus ar an gcumhacht atá ag an líonrú sóisialta;
7. Taithí ábhartha ar fhoireann agus acmhainní a bhainistiú.
8. An cumas oibriú faoi bhrú agus déileáil le héilimh éagsúla agus tosaíochtaí atá in iomaíocht le chéile in am gairid;
9. Sárscileanna cumarsáide béil is scríofa, lena n-áirítear scríbhneoireacht a dhéanamh don phreas, don raidió agus don ghréasán, mar aon le scileanna taighde agus eagarthóireachta;
10. Sárscileanna idirphearsanta agus an cumas líonrú, caidreamh a chothú agus dul i dteagmháil le agus tionchar a imirt ar pháirtithe leasmhara ag gach leibhéal sinsearachta;
11. Tiomanta do thorthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach agus a chinntiú go gcomhlíontar tascanna ar ardchaighdeán;
12. In ann smaoineamh go straitéiseach, breithiúnas a thabhairt i gceart i gcásanna agus na torthaí ó mhodhanna éagsúla a mheas;
13. Suim mhór i ngnóthaí poiblí agus tiomanta do choincheap na seirbhíse poiblí;
14. A bheith toilteanach smaointe agus eolas a roinnt le daoine, chun toradh ar leith a bhaint amach;
15. An fhéinmhuinín atá riachtanach le déileáil le heachtraí deacra agus teacht aniar a bheith iontu;

16. A bheith spreagtha, solúbhta agus toilteanach athrú, cur go dearfach le hathruithe a chur i bhfeidhm agus in ann obair a dhéanamh as a stuaim féin nuair is cuí;

**Chomh maith leis na nithe thuas, ní mór d'iarrthóirí na Príomh-Inniúlachtaí a aithníodh d'fheidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo a léiriú (tuilleadh sonraí ar an gcéad leathanach eile).**

**Inmhianaithe**

- Cumas sa Ghaeilge
- Cáilíocht ag leibhéal 8, ar a laghad, ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí nó cáilíocht ar aon chéim leis seo ar Chreat NARIC um Cháilíochtaí Iasachta in Éirinn i réimse na Cumarsáide, i Staidéar Meán, sna hIlmheáin, nó san Iriseoireachta.
- An cumas oibriú go dlúth leis an lucht ardbhainistíochta agus a bhfoirne chun straitéisí/cláir chumarsáide a dhearadh agus a chur i bhfeidhm dá n-eagraíocht agus treoir a thabhairt maidir le caidreamh leis na meáin agus an caidreamh seo a chur chun cinn, lena n-áirítear caidreamh leis na meáin agus teagmháil le páirtithe leasmhara agus saineolas agus seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil d'imeachtaí móra.

**Poist ina bhfuil gá le scileanna speisialtachta Gaeilge**

Tá an Státseirbhís tiomanta go hiomlán dá dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Tá sé beartaithe folúntais a tharlaíonn ina bhfuil sé riachtanach réimse iomlán seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge (Oibrí Dátheangach) a líonadh ón gcomórtas seo. Chuige sin, is féidir le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu agus a chomhlíonann na critéir cháilitheachta ar fad thíos a spéis a léiriú ar an bhfoirm iarratais.

Beidh ar iarrthóirí a léiríonn a spéis agus a fhaigheann cuireadh chuig na staideanna deiridh den phróiseas roghnaithe trialacha áirithe a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, m.sh. agallamh agus scrúdú scríofa, sula gcuirfear iad faoi mheas do phost. Ní mór dóibh an caighdeán riachtanach a bhaint amach sa Ghaeilge, .i. a léiriú go bhfuil Leibhéal B2, ar a laghad, bainte amach acu ar chreat féinmheasúnaithe-Europass

**Tabhair faoi deara: má ligtear d'iarrthóirí páirt a ghlacadh i gcomórtas, ní hionann sin agus a rá go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis go gcomhlíonann siad na riachtanais iontrála. Ní mór don iarrthóir a chinntiú, mar sin, go gcomhlíonann siad na riachtanais cháilitheachta don phost sula gcuireann siad iarratas isteach.**

## PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ D'FHEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTACH AG LEIBHÉAL AN ARDOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

| Ceannaireacht Foirne |
| --- |
| • Oibríonn an duine leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a bhaint amach, spriocanna soiléire agus réalaíocha a fhorbairt, ceisteanna faoi fheidhmíocht a réiteach má tharlaíonn siad<br>• TugannTugann an duine eolas agus comhairle shoiléir maidir leis na nithe nach mór don fhoireann a dhéanamh<br>• Déanann an duine iarracht slite nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun oibriú go héifeachtach chun spriocanna a bhaint amach<br>• Tugann an duine treoir don fhoireann trína c(h)uid oibre féin, ag cabhrú le daoine más gá<br>• Tuigeann an duine an tábhacht a bhaineann le baill foirne a fhorbairt, oiliúint a chur ar fáil dóibh agus an leas is fearr a bhaint as scileanna agus cumas na foirne.<br>• Tá an duine solúbtha agus toilteanach athrú agus cur go dearfach le hathruithe a chur i bhfeidhm |
| **Breithiúnas, Anailís agus Cinntí a Dhéanamh** |
| • Bailíonn an duine agus déanann siad anailís ar eolas ó fhoinsí cuí cé acu ábhar airgeadais, uimhriúil nó eile agus déanann an duine na cúinsí tábhachtacha a mheas<br>• Cuireann an duine an cheist ina hiomláine agus impleachtaí bainteacha san áireamh nuair atá cinntí á ndéanamh acu<br>• Úsáideann an duine eolas agus taithí a fuair siad roimhe seo chun treoir a thabhairt maidir le cinntí a dhéanamh<br>• Déanann an duine cinntí stuama le bunús an-réasúnta agus seasann siad leo sin<br>• Cuireann an duine réitigh chun cinn le fadhbanna a réiteach |
| **Torthaí a Bhainistiú agus a Sholáthar** |
| • Glacann an duine freagracht agus bíonn siad freagrach as spriocanna comhaontaithe a sholáthar<br>• Bainistíonn an duine réimse de thionscadail éagsúla agus de ghníomhaíochtaí oibre ag an am céanna<br>• Cuireann an duine struchtúr ar agus eagraíonn siad a gcuid oibre agus an obair a dhéanann daoine eile go héifeachtach<br>• Tá an duine loighciúil agus stuama maidir le cur chuige, baineann an duine na torthaí is fearr is féidir amach leis na hacmhainní atá ar fáil<br>• Tugann an duine obair amach go héifeachtach, tugann siad eolas agus fianaise shoiléir maidir leis na nithe atá ag teastáil<br>• Lorgaíonn an duine réimsí ar a bhféadfaí feabhas a chur agus forbraíonn an duine moltaí praiticiúla chun sin a dhéanamh<br>• Léiríonn an duine díograis maidir le forbairtí nua/hathruithe maidir le cleachtais oibre agus déanann siad tréaniarracht na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach<br>• Cuireann an duine córais/próisis chuí i bhfeidhm chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus toradh go héasca maidir le caighdeáin<br>• Cleachtann an duine agus cuireann siad béim láidir ar sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha |
| **Scileanna Cumarsáide agus Idirphearsanta** |
| • Cothaíonn an duine teagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh<br>• Feidhmíonn an duine mar nasc éifeachtach idir baill foirne agus an lucht ardbhainistíochta<br>• Spreagann an duine comhrá oscailte agus cuiditheach maidir le ceisteanna oibre<br>• Bíonn an duine dáiríre ina t(h)eacht i láthair agus éiríonn leo comhaontú a fháil trí eolas ábhartha agus na buntáistí a chur i láthair go snasta<br>• Pléann le daoine eile go múinte agus le meas fiú amháin nuair a bhíonn cúinsí dúshlánacha i gceist<br>• Cuireann an duine eolas i láthair go soiléir, go cruinn agus le muinín le linn a bheith ag labhairt nó ag scríobh<br>• Comhoibríonn agus cabhraíonn siad le comhghleacaithe chun spriocanna eagraíochta a bhaint amach |

| Eolas Speisialtachta, Saineolas agus Féinfhorbairt |
|---|
| • Tuigeann an duine go soiléir na róil, cuspóirí agus spriocanna atá acu féin agus spriocanna na foirne agus an chaoi a suíonn siad sin isteach san aonad agus sa Roinn/Eagraíocht agus cuireann an duine seo in iúl go héifeachtach do dhaoine eile<br>• Tá ardleibhéil de shaineolas agus eolas leathan acu ar an Earnáil Phoiblí atá ábhartha dá réimse oibre<br>• Díríonn an duine ar fhorbairt phearsanta chun feidhmíocht a fheabhsú |
| **Díograis agus Tiomantas do Chaighdeáin Seirbhíse Poiblí** |
| • Déanann an duine gach iarracht feidhmiú ag leibhéal ard agus déanann siad tréaniarracht cuspóirí aontaithe a bhaint amach<br>• Léiríonn an duine teacht aniar fiú nuair atá cúinsí dúshlánacha agus éilimh mhóra i gceist<br>• Tá an duine ionraic go pearsanta agus is féidir brath orthu<br>• Cinntíonn an duine go bhfuil na custaiméirí i lár baill maidir le gach seirbhís a sholáthraítear<br>• Cleachtann an duine ardchaighdeáin mhacántachta, eitice agus ionracais |

## CÁILITHEACHT CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS SRIANTA ÁIRITHE MAIDIR LE CÁILITHEACHT

### Riachtanais Saoránachta

Ní mór d’Iarrthóirí Incháilithe:

**(a)** A bheith ina s(h)aoránach den Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE). Is iad tíortha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE; **nó**

**(b)** A bheith ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); **nó**

**(c)** A bheith ina s(h)aoránach den Eilvéis, de réir an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**

**(d)** A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 acu[1]: **nó**

**(e)** A bheith ina dhuine ar tugadh cosaint idirnáisiúnta dóibh de réir an Achta um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó baill teaghlaigh a bhfuil sé de cheart acu fanacht sa Stát de thoradh athaontaithe teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu **nó**

**(f)** A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE, atá ina t(h)uismitheoir de chuid páiste atá ina s(h)aoránach den LEE agus a bhfuil cónaí orthu i mballstát de chuid an LEE nó sa RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

**Le bheith incháilithe, ní mór d’iarrthóirí ceann amháin de na critéir saoránachta thuas a chomhlíonadh roimh an dáta a ndéantar tairiscint ar phost ar bith.**

### Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe den 28 Meitheamh, 2012, chuig Oifigigh Phearsanra isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an gcomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) ar feadh tréimhse de 2 bhliain ó cuireadh deireadh leis an bhfostaíocht. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus ar féidir go n-éireodh leo sa chomórtas seo, a gcáilitheacht a chruthú (críoch le tréimhse gan a bheith i dteideal) agus ní mór cead an Aire a fháil roimh aon fhostaíocht i gcomhlacht seirbhíse poiblí.

### Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach féidir le daoine ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó sa réimse céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

### Ciorclán (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanaí:

Thug Ciorclán 7/2010 na Roinne Sláinte den 1 Samhain, 2010, Scéim Dhreasaithe Luathscoir Dheonach agus Scéimeanna Deonacha Iomarcaíochta (SDI) isteach. Tá sé mar choinníoll den Scéim Dheonach Luathscoir nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i

[1] *Tabhair faoi deara go nglacfar le víosa 50 TEU, atá i bhfeidhm in ionad Stampa 4EUFAM i ndiaidh an Bhreatimeachta, mar víosa atá ar aon chéim le víosa Stampa 4.*

bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoin SDI ach go maireann an tréimhse choiscthe 7 mbliana. Níl duine ar bith a ghlac páirt sa SDL i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas. Beidh ar dhaoine a ghlac le SDI agus a n-éiríonn leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal) má éiríonn leo sa chomórtas seo.

**Imlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil** Chuir Imlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe*: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí den 28 Meitheamh 2012, mar a shonraítear thuas, is coinníoll den Scéim Dheonach Luathscoir sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 ar feadh tréimhse de dhá bhliain ón dáta a bhfágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhonn conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

### Dearbhú
Ní mór d'iarrthóirí a dheimhniú ar ghlac siad páirt i scéim dhreasaithe luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó sa chomhaontú comhroinnte a luaitear thuas. Beidh ar iarrthóirí chomh maith aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

### Fostóir de Rogha
Mar **Fhostóir de Rogha**, tá roinnt polasaithe solúbtha agus polasaithe atá oiriúnach do theaghlaigh i bhfeidhm sa Státseirbhís, m.sh. Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (ar bhonn 'cumaisc') srl. Is féidir le hoifigigh cur isteach ar gach polasaí roghnach de réir na bhforálacha cuí reachtúla agus de réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Tá scéim Soghluaisteachta i bhfeidhm sa Státseirbhís do gach grád seirbhíse ginearálta. Tugann an scéim seo deis do bhaill foirne foghlaim faoi agus páirt a ghlacadh i róil éagsúla in eagraíochtaí Státseirbhíse agus áiteanna éagsúla.

## PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

### Ginearálta
Ceapachán i bpost buan sa Státseirbhís atá ann atá faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse,1956 go dtí 2005, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus ag cibé Acht eile atá i bhfeidhm idir an dá linn i dtaca leis an Státseirbhís.

### Pá
Beidh an Gnáthscála Tuarastail d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) i gceist don phost seo.

Tá an tuarastal RPP don phost seo, i bhfeidhm ón **1 Deireadh Fómhair 2023**, mar seo a leanas:

€54,764 €56,365 €57,963 €59,560 €61,163 €62,758 €64,358 €66,667(IFS1) €68,970 (IFS2)

Tá an ráta RPP i bhfeidhm nuair a chaithfidh duine Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh (nó ranníocaíocht phríomhscéime, mar a thugtar uirthi chomh maith), de réir rialacha a bpríomhscéime/a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann sin agus an ranníocaíocht a dhéantar mar bhall de scéim do Chéilí agus do Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile.

Beidh ráta eile i gceist mura gcaithfidh an ceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

Is féidir go n-íocfar Incrimintí Fadseirbhíse i ndiaidh 3 bliana de sheirbhís shásúil (IFS1) agus 6 bliana de sheirbhís shásúil (IFS2) ag uasphointe an scála.

### Fógra Tábhachtach
Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais. Má tá an obair sásúil, íocfar incrimintí ag teacht le Polasaí reatha an Rialtais.

Is féidir go mbeidh feidhm ag téarmaí agus ag coinníollacha éagsúla más rud é, go díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí.

Aontóidh tú go n-íocfar aon ró-íocaíocht de thuarastal, liúntais nó costais ar ais de réir Chiorclán 07/2018; Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Costas a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/ Phinsinéirí.

### Tionacht agus Promhadh

Ceapachán ar chonradh promhaidh i bpost buan sa Státseirbhís atá anseo.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh tréimhse de bhliain amháin ón dáta atá sonraithe sa chonradh.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, déanfaidh do stiúrthóir(í) measúnú ar d'fheidhmíocht chun na nithe seo a lenas a shocrú:

**(i)** Go bhfuil do chuid oibre sásúil,,
**(ii)** Gur iompair tú tú féin ar bhealach sásúil, agus
**(iii)** Go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe maidir leis an tsaoire bhreoiteachta.

Sula dtiocfaidh deireadh leis an gconradh promhaidh déanfar cinneadh maidir le cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar thú faoi Alt 5A(2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Déanfar an cinneadh seo a bhunú ar an gcaoi ar chruthaigh tú tú féin le hais na gcritéar a leagtar amach in (i) go dtí (iii) thuas. Tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh duit.

In aineoinn na n-alt roimhe seo sa mhír seo, is féidir le ceachtar den dá thaobh deireadh a chur leis an gconradh promhaidh tráth ar bith roimh dheireadh thréimhse an chonartha, de réir na nAchtanna um um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2005.

Sna cásanna seo a leanas, is féidir síneadh a chur leis an gconradh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá an té a cheapfar as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó
  Shaoire Uchtaithe.
- Maidir le duine atá as láthair mar gheall ar Shaoire Thuismitheora nó mar gheall ar Shaoire Chúramóra, is féidir go mbeidh ar an bhfostóir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí má cheaptar nach mbeadh sé oiriúnach leanúint leis an tréimhse phromhaidh
- Is féidir an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí sa chás go mbíonn oifigeach as láthair de bharr breoiteachta neamh-athfhilltí, agus
- Aon fhoráil reachtúil eile a ordaíonn go mbeidh an tréimshe phromhaidh ar
  **(i)** fionraí le linn na tréimhse dona bhfuil an fostaí as láthair ón obair, agus
  **(ii)** go gcomhlíonfaidh an fostaí an tréimhse sin nuair a thagann siad ar ais chuig an obair i ndiaidh dóibh a bheith as láthair.

Má chuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí, ba chóir don fhostóir na cúinsí a bhaineann leis bhfionraíocht a mhíniú don fhostaí.

Ní mór do gach ceapaí tréimhse phromhaidh aon bhliana a chomhlíonadh. Sa chás go raibh ceapaí a dteipeann orthu coinnoíllacha an phromhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach díreach roimh a gceapachán ón gcomórtas seo, is iondúil go dtiocfaidh ceist an fhillte chun tosaigh. I gcás an fhillte, rachaidh an t-oifigeach ar ais i bhfolúntas sa ghrád a bhí acu roimhe seo sa Roinn ina raibh siad roimhe seo..

### Ceanncheathrú

Beidh ceanncheathrú an oifigigh lonnaithe de réir mar a ainmneoidh Ceannasaí na Roinne/Oifige ó am go ham. Nuair a bhítear ar dualgas oifigiúil, íocfar costais chuí taistil agus liúntais chothaithe leis an gceapaí faoi réir ghnáthrialacha na státseirbhíse.

### Uaireanta freastail

Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocraítear iad ó am go ham agus ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad san iomlán nó 35 huaire an chloig in aghaidh na seachtaine glan. Beidh ar an duine a cheapfar uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh i gceart, de réir na dteorainneacha atá leagtha amach sna rialacha um uaireanta oibre.

### Saoire Bhliantúil
29 lá, ag méadú go 30 tar éis seirbhís 5 bliana. Bunaítear an tsaoire bhliantúil, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bhliantúla, ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh.

### Saoire Bhreoiteachta
Sa chás nach bhfuil aon fhianaise ar bhuan-neamhábaltacht seirbhíse, is féidir pá iomlán a íoc le linn saoire breoiteachta atá deimhnithe i gceart ar bhonn *pro-rata*, de réir na bhforálacha atá sna ciorcláin lena mbaineann.

Beidh ar Oifigigh a íocann ráta Aicme A d'ÁSPC mandáid a shíniú a thugann cead don Roinn Coimirce Sóisialaí aon leas atá i ndán faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc díreach leis an Roinn chuí. Beidh cibé íocaíochtaí a dhéanfar le linn breoiteachta faoi réir ag an gcoinníoll go gcuireann an t-oifigeach na héilimh is gá ar shochar árachais shóisialaigh faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama cuí.

### Aoisliúntas agus Scor
Tabharfar na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca le haoisliúntas atá i bhfeidhm ag an am sa Státseirbhís don té a cheapfar nuair a dhéantar an ceapachán. I gcoitinne, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí mar bhall de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"). Tá sonraí uile na Scéime ar fáil ar www.singlepensionscheme.gov.ie

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime neamhshingil) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó sa chás go bhfuil an ceapaí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá is féidir go mbeadh coinníollacha difriúla i bhfeidhm. Socrófar teidlíocht phinsin ceapaithe dá leithéid de réir cibé cuntas fostaíochta seirbhíse poiblí atá acu.

Is iad seo thíos na príomhfhorálacha maidir le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Phinsin: Ní íocfar pinsean go dtí go bhfuil duine 66 bliana d'aois, an aois ag a gcáilíonnn duine faoi láthair don Phinsean Stáit.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor ag 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear an meán-tuarastal le linn na gairme chun leas a áireamh (cuirtear suim phinsin agus cnapshuim le chéile gach bliain agus tugtar ráta nua dóibh gach bliain de réir an CPI).
- Tá méadú i bpinsean scoir an phoist ceangailte le CPI.

### Lacáiste Pinsin
Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus ag saothrú pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís/tSeirbhís Phoiblí i bhfeidhm le linn a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean **faoi réir ag lacáiste** faoi Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh an fhoráil do lacáiste, más cuí, i bhfeidhm. Ní cheaptar go nglacfaidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar athscaoileadh lacáiste i dtaca le ceapachán sa phost seo.

Má bhí an duine a cheaptar fostaithe cheana sa Státseirbhís, áfach, agus gur bronnadh pinsean orthu faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas faoi Scéim Dhreasaithe Luathscoir (SDL), nó faoi Chiorclán 7/2010 - Scéim Dheonach Luathscoir/SDI na Roinne Sláinte, nó faoi Chiorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), ní bheidh an duine a cheaptar i dteideal an phinsin sin ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun go gcuirfear san áireamh cibé iar-sheirbhís a thug an t-oifigeach go dtí seo chun críocha aon aoisliúntas a bhféadfadh an t-oifigeach a bheith i dteideal dó sa todhchaí.

### Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna - Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí
Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Mar choinníoll den Scéim Luathscoir, seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shraith 1, 2 nó 3** den scéim seo agus má fhostaítear iad ar dhóigh ar bith **i réimse ar bith san earnáil phoiblí, cuirfear stad láithreach** le híocaíocht phinsin don duine sin. Déanfar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó ar a 60ú lá breithe, cé acu is déanaí, ach nuair a thosóidh sé arís beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe an duine mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe seo san áireamh nuair atá íocaíocht phinsin á háireamh).

## Scor de Bharr Drochshláinte (SDS)
Tabhair faoi deara gur gá do dhuine ar bith a chuaigh ar scor de bharr drochshláinte faoi théarmaí na scéime aoisliúntais a dheimhniú leis an eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta ag an gcéad chéim den iarratas, go bhfuil siad ag fáil pinsin dá leithéid.

Ní mór d'iarrthóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun go measfar a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus ag cur san áireamh an chúinse a cháiligh iad do Scor de Bharr Drochshláinte.

*Ceapachán tar éis scoir de bharr drochshláinte ón Státseirbhís:*

Má éiríonn lena n-iarratas sa chomórtas, ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má cheaptar go bhfuil siad in ann seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad i bpost, cuirfear deireadh lena bpinsean de bharr drochshláinte ón státseirbhís.
2. Má tharlaíonn sé ina dhiaidh sin go dteipeann orthu an promhadh a chomhlíonadh nó go socraíonn an duine an post sannta a fhágáil, ní féidir a stádas SDS a fhreaschur nó a bpinsean SDS ón státseirbhís a bhí ann roimh an iarratas a thabhairt ar ais agus níl aon teidhlíocht dá leithéid.
3. Beidh an t-iarrathóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

*Ceapachán tar éis scoir de bharr drochshláinte ón tseirbhís phoiblí*

1. I gcás go bhfuil duine éirithe as foras seirbhíse poiblí mar gheall ar dhrochshláinte, is féidir go ndéanfar athbhreithniú ar phinsean an duine sin ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarrathóir, nuair a cheapfar iad, beidh ar an iarrthóir a dheimhniú an bhfuil siad ag fáil pinsin seirbhíse poiblí (drochshláinte nó eile) agus is féidir go laghdófar an pinsean seirbhíse poiblí.
3. Beidh an t-iarrathóir ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí nuair a cheaptar iad má briseadh seirbhís inphinsin státseirbhíse/seirbhíse poiblí ar feadh níos mó ná 26 seachtaine.

## Fabhrú Pinsin
Beidh teorainn de 40 bliain seirbhíse san iomlán gur féidir a áireamh do phinsean i gceist sa chás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim phinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (.i. Scéim neamh-shingil) de réir Acht na bliana 2012. Foráiltear don teorainn seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin do dhuine ar bith le ceapadh a shaothraigh cearta pinsin ó fhostaíocht cheana sa tSeirbhís Phoiblí.

## Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Eile
Tá an ceapachán ag brath ar Ranníocaíochtaí Aoisliúntais sa Bhreis (RAB) de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017.

**Nóta**: Déantar aisbhaintí RAB i dteannta le haon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céile agus leanaí) atá riachtanach faoi rialacha do scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais faoin Scéim Pinsin Aonair do Sheirbhísigh Phoiblí ar fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas - www.singlepensionscheme.gov.ie.

## Rúndacht agus Caighdeáin Iompair Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas
Beidh an ceapaí, le linn théarma a c(h)eapacháin, ag feidhmiú faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a scaoileadh le tríú páirtí neamhúdaraithe, bíodh sé sin le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

## Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse
Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód na Státseirbhíse um Chaighdeáin agus Iompar.

## Eitic in Oifigí Poiblí
Beidh na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí i bhfeidhm, más cuí, sa cheapachán seo.

## Ceadú roimh ré maidir le foilseacháin:
Tabharfaidh an t-oifigeach gealltúint gan aon ábhar a bhfuil baint aige le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan chead ó Cheannasaí na Roinne nó ó oifigeach eile a bhfuil an t-údarás cuí acu.

## Gníomhaíocht Pholaitiúil
Le linn na tréimhse fostaíochta beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacháin a rialaíonn seirbhísigh phoiblí agus cúrsaí polaitíochta.

Tá gach ciorclán ar fáil ar an suíomh gréasáin www.circulars.gov.ie nó ón Rannóg Pearsanra.

**Fógra Tábhachtach**

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh promhaidh a aontófar leis an iarrthóir a cheapfar.

## PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní mór iarratas a chur isteach **ar líne** trí **www.publicjobs.ie.**

Má tá cuntas agat cheana féin, is féidir leat logáil isteach sa chuntas seo trí úsáid a bhaint as **an nasc logála isteach seo**. Mura bhfuil, ní mór duit **'Clárú'** agus próifíl a chruthú arn **www.publicjobs.ie**. Tabhair faoi deara nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach.

Cliceáil ar an gcnaipe **'Déan Iarratas Anois'** chun an fhoirm iarratais a fháil. Tá an cnaipe seo ar fáil ag bun an leathanaigh ar a bhfógraítear an comórtas seo ar  on www.publicjobs.ie. Ní mór duit an fhoirm iarratais a chomhlíonadh go hiomlán agus cliceáil ar an gcnaipe **'Cuir Isteach'**. Tabhair faoi deara nach mór duit gach ceist riachtanach ar an bhfoirm ghréasáin a fhreagairt. Mura gcomhlíonann tú an fhoirm i gceart, ní dhéanfar d'iarratas a mheas.

Léigh na treoracha seo go cúramach, le do thoil: Bí cinnte go sábhálann tú d'fhoirm iarratais go rialta trí úsáid a bhaint as an gcnaipe **'Sábháil'** ag bun an leathanaigh.. Má fhanann tú díomhaoin ar an leathanach seo ar feadh 30 nóim., beidh an t-am istigh agus is féidir go gcaillfí d'eolas. Is féidir leat an fhoirm a shábháil mar dhréacht agus filleadh uirthi níos déanaí, ach tabhair faoi deara nach móir duit an fhoirm a chur isteach chun go gcuirfear faoi mheas thú don chomórtas agus nach rachaidh dréachtaí d'iarratais ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach moltar duit filleadh ar do chuntas Poist Phoiblí agus a chinntiú go bhfuil sé curtha faoi bhráid tríd 'M'Iarratais'. Ag an bpointe seo, ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphost ó publicjobs.ie.

Ní ghlacfar ach le hiarratais a chuirtear isteach go hiomlán ar líne sa chomórtas. **Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta.**

### Dáta dúnta

Ní mór d'iarratas a chur ar isteach ar an suíomh gréasáin publicjobs.ie roimh **3i.n. ar an Déardaoin, 18 Aibreán 2024**. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas taobh istigh de 24 huaire an chloig ó chuir tú d'iarratas isteach, seol ríomhphost chuig: alex.rogers@publicjobs.ie

**Is dócha go gcuirfear tús leis na hagallaimh do na poist seo i mí an Mheithimh 2024.**

Moltar duit féachaint ar do chlár teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha/ Agallaimh etc a chuirtear chuig Clár na dTeachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Turscar. Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.

Tá gach iarrthóir freagrach as a chinntiú go bhfuil siad ag fáil gach cumarsáide ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarrthóir.

Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar na dátaí a leagann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí amach agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a sholáthraítear ar an bhfoirm iarratais cruinn agus ceart.

### Modhanna Roghnaithe

Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh sa phróiseas roghnaithe:

- gearrliostú iarrthóirí de réir an eolais atá ar fáil ar a bhfoirmeacha iarratais
- réamhagallamh iomaíoch
- agallamh físe réamhthaifeadta
- ceistneoir(í) ar líne a chomhlíonadh
- cur i láthair nó cleachtaí eile
- agallamh deiridh a bhfuil iomaíocht ann
- agallamh ó chian
- sampla oibre/rólimirt/ cleachtadh meán, agus/nó aon triail nó cleachtadh eile a cheaptar a bheith riachtanach

### Gearrliostú

Go hiondúil, is mó i bhfad na hiarratais a fhaightear ná líon na bpost a bhíonn ann, idir na folúntais reatha agus na folúntais a mbeifear á líonadh amach anseo. In ainneoin go gcomhlíonann iarrthóir

riachtanais cháilitheachta an chomórtais, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) cinneadh a dhéanamh líon níos lú de na hiarrthóirí a chur faoi agallamh má bhíonn an oiread sin iarrthóirí ann is nach mbeadh sé indéanta gach duine a chur faoi agallamh.

Cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun líon iarrthóirí, a bhfuil an dealramh orthu gurb iad is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a iniúchadh, a roghnú le dul faoi agallamh. Níltear ag tabhairt le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach, nó nach mbeidís in ann tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil iarrthóirí áirithe ann atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí iomchuí acu. Le linn an phróisis ghearrliostaithe, déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais de réir na gcritéar gearrliostaithe, atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Is féidir go ndéanfar caighdeán an ábhair i ngach foirm iarratais a mheas le linn an phróisis chomh maith. Is féidir go mbeidh critéir riachtanacha agus inmhianaithe san áireamh sna critéir ghearrliostaithe a leagtar amach don phost seo agus moltar duit, mar sin, cuntas cuimsitheach agus cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/thaithí i d'iarratas. Is faoin iarrthóir féin atá sé an fhoirm iarratais a chomhlíonadh go hiomlán agus go cruinn.

Maidir le comórtais ina mbíonn líon mór iarrthóirí, is féidir go gcuirfear iarrthóirí in ord fiúntais bunaithe ar an a dtoradh sna trialacha ar líne agus cuirfear ar an ngearrliosta iad de réir na háite a bhaineann siad amach san ord fiúntais. Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus an t-ionad is airde a bhaint amach chun go gcuirfí iad faoi mheas le dul ar aghaidh chuig an gcéad staid eile den phróiseas roghnaithe ina bhfuil céimeanna éagsúla. Socróidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ó am go ham an líon daoine a gheobhaidh cuireadh ag gach céim.

### Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

### Imréiteach Slándála

Beidh ort foirm ghrinnfhiosrúcháin leictreonach an Gharda Síochána a líonadh má chuirtear faoi mheas thú do cheapachán. Cuirfear an fhoirm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána do scrúdú slándála faoi gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann a raibh tú i do chónaí ann. Sa chás, áfach, nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas seo, scriosfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an fhoirm seo. Má chuirtear thú faoi mheas do phost eile, is féidir go mbeidh ort Foirm Ghrinnfhiosrúcháin eile a chomhlíonadh.

Má bhí tú i do chónaí nó ag staidéar i dtíortha taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh 6 mhí nó níos mó, tá sé **éigeantach** ort **Teastas Imréitigh Póilíneachta** a fháil ó na tíortha sin ag deimhniú nár taifeadadh aon choir i d'aghaidh le linn duit a bheith i do chónaí ann. Beidh ort **Teastas Imréitigh Póilíneachta a sholáthar maidir le gach tír a raibh tú i do chónaí inti**. Ní mór go mbeadh dáta ar an imréiteach atá i ndiaidh an dáta ar fhág tú an tír. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir aon eolas a gheofar i bpróiseas Grinnfhiosrúcháin an Gharda a chur ar fáil don údarás fostaithe.

**Tá freagracht ORTSA imréiteach slándála a lorg in am mar go dtógann sé roinnt ama. Ní féidir thú a cheapadh mura soláthraítear an t-eolas seo agus é a bheith i gceart.**

### Riachtanais Cháilitheachta

Tabhair faoi deara gur féidir nach gcinnteofar cáilíochtaí/cáilitheacht go dtí an chéim dheireanach sa phróiseas; mar sin, i gcás iarrthóirí nach bhfuil na riachtanais iomlána acu agus a théann ar aghaidh lena n-iarratas, tabhair faoi deara go bhfuil siad ag cur costas gan ghá orthu féin agus ní thairgfear post dóibh san fheachtas seo.

Bí ar an eolas, le do thoil, nach féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comhairle a thabhairt faoi cháilíochtaí/cháilitheacht an duine mura gcuirtear iad faoi mheas mar gheall ar líon na n-iarratas. Ní mór don iarrthóir a chinntiú go gcomhlíonann siad na riachtanais cháilitheachta a luaitear thuas. Tá sé de cheart ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a shocrú ag staid ar bith nach bhfuil iarrthóir cáilithe má cheapann siad nach bhfuil an cháilitheacht/na cáilíochtaí riachtanacha acu m.sh. ón bhfoirm iarratais a cuireadh isteach. Beidh ar iarrthóirí atá á gcur faoi mheas tar éis chéim dheiridh an phróisis roghnaithe fianaise i ndoiciméid a thabhairt faoina gcáilitheacht, cáilíochtaí san áireamh.

Is féidir go dtógfar amach as an gcomórtas am ar bith aon iarrthóir nach bhfuil in ann a léiriú go bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu. Ní hionann cuireadh chuig scrúdú, cuireadh chun agallaimh nó chuig aon ghné den phróiseas roghnaithe agus a rá go bhfuil iarrthóir incháilithe.

### Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as aon chostas a tharraingíonn iarrthóirí orthu féin a íoc ar ais.

Má thugtar cead d'iarrthóir cur isteach ar chomórtas, nó má thugtar cuireadh chun agallaimh dóibh, ní thugann sé sin le fios go nglacann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí leis go gcomhlíonann an t-iarrthóir

úd coinníollacha uile an Chomórtais nó nach bhfuil an t-iarrthóir dícháilithe ó cheapachán de réir dlí. Ní chinntíonn sé, ach oiread, go bpléifear le d'iarratas a thuilleadh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtuigeann tú go bhfuil sé de dhualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú riachtanais cháilitheachta an chomórtais sula dtugann tú faoi agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo agus má théann tú faoi agallamh dá ainneoin sin, cuirfidh tú costas gan ghá ort féin.
Sula moltar aon duine don cheapachán seo, déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí gach fiosrúchán a cheaptar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta go dtí go mbeidh gach stid den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán.

Sa chás go ndéanann an chéad duine a mholtar do cheapachán an ceapachán sin a dhiúltú, nó má éiríonn sé as tar éis dó glacadh leis an gceapachán, féadfaidh an Bord, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

Chomh luath agus a ghlacann iarrthóir le tairiscint ar cheapachán, tógfar a (h)ainm ón bpainéal agus ní dhéanfar aon tairiscint eile ar cheapachán.

### Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le hiarrthóirí ó gach carn den tsochaí a mhealladh agus maidir lena chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine a bhfuil suim acu i ndeiseanna gairme ar na deiseanna sin. Táimid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna do gach iarrthóir.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe réasúnta ag teastáil uait le linn an phróisis roghnaithe, molaimid go láidir duit é sin a chur in iúl dúinn chun gur féidir linn a chinntiú go bhfaigheann tú an tacaíocht atá de dhíth ort.

Is éard atá i gceist le cóiríocht réasúnta inár bpróiseas roghnaithe ná socruithe agus athruithe praiticiúla a dhéantar chun a chinntiú go bhfuil an deis chéanna ag iarrthóir faoi mhíchumas agus atá ag gach iarrthóir eile. Maidir leis na socruithe a chuirimid ar fáil, tá na socruithe seo a leanas i gceist: teicneolaíocht chúnta, am sa bhreis, scríobhaithe agus/nó léitheoirí agus réimse de shocruithe eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá socruithe ag teastáil uait, bí cinnte nach mbeidh tionchar aige sin ar do dhul chun cinn sa phróiseas roghnaithe; ní bheidh tú faoi mhíbhuntáiste má thugann tú eolas dúinn faoin míchumas atá ort nó faoi na socruithe atá de dhíth ort. Coinneoimid eolas faoin míchumas atá ort/faoi na socruithe atá de dhíth ort faoi rún daingean.

Má éiríonn leat, ní sheolfaimid eolas a thugann tú dúinn faoin míchumas atá ort ag an gcéim seo den phróiseas ar aghaidh chuig an roinn fostaíochta, ach amháin má iarrann tú orainn seo a dhéanamh.

Má chuir tú in iúl ar d'fhoirm iarratais/phróifíl go bhfuil cóiríocht réasúnta ag teastáil uait, cuir tuairisc ó shíceolaí/tuairisc leighis ar aghaidh chuig asu@publicjobs.ie

Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt don tSCP chun gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí. Maidir leis an eolas sna tuairiscí sin atá cabhrach dúinn, tá an t-eolas seo a leanas san áireamh: torthaí aon tástálacha diagnóiseacha a rinne do shíceolaí/dhochtúir, agus achoimre ón síceolaí/dochtúir ar mholtaí maidir le do riachtanais. Is féidir leat codanna de thuairiscí leighis/thuairiscí ó shíceolaí a cheilt (a bhaint amach) má cheapann tú go bhfuil siad íogair nó nach bhfuil gá leo.

Ní mór na tuairiscí seo a chur ar aghaidh chuig aonad na Seirbhísí Measúnaithe roimh **am dúnta gnó ar an Déardaoin 18 Aibreán 2024**. **Ba chóir duit cóip scanta den tuairisc a sheoladh, trí mheán an rphoist, chuig** asu@publicjobs.ie

**Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana leis an tSCP agus má chuir tú tuairisc isteach, seol ríomhphost chuigl** asu@publicjobs.ie **chun a dheimhniú go bhfuil do thuairisc fós ar taifead.**

Más mian leat plé a dhéanamh ar d'iarratas agus nó chóirocht réasúnta ar féidir léi cabhrú leat le linn an phróisis earcaíochta, téigh i dteagmháil lenár dTacadóir Míchumais, Amanda Kavanagh, ag amanda.kavanagh@publicjobs.ie Le tuilleadh eolais a fháil ar inrochtaineacht ár seirbhíse, féach ar Aan leathanach seo.

### Iarratas ar Athbhreithniú faoi na Cóid Chleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

Má tá iarrthóir míshásta i ndiaidh dóibh toradh a fháil d'aon staid de phróiseas rognnaithe, is féidir leo:

1. Iarratas a dhéanamh ar **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis

   **nó**

2. **Gearán a Dhéanamh go raibh an próiseas roghnaithe atá i gceist míchothrom**

Is féidir le hiarrthóir tabhairt faoi cheann amháin den dá nós imeachta maidir leis an ngné chéanna de phróiseas roghnaithe, ach ní féidir leo tabhairt faoin dá cheann. **Sa chás gur tharla próiseas athbhreithnthe ar phróiseas roghnaithe faoi Alt 7 (de réir mar a leagtar amach thíos) den Chód Cleachtais, ní féidir le gearánaí athbhreithniú eile a lorg faoi Alt 8, seachas i gcásanna fíoreisceachtúla ar fad a shocróidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) ar a thoil.**

Níl aon dualgas ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí stad a chur leis an bpróiseas ceapacháin a fhad is atá siad ag plé le hAthbhreithniú nó le Gearán. Tá an CCSP ag súil leis, áfach, go ndéanfaidh an tSCP idirghabháil, más féidir, i gcásanna ina socraíonn sí gur cosúil go ndearnadh earráid.

### Iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7

Is féidir le hiarrthóir athbhreithniú a lorg má tá siad míshásta le cinneadh nó gníomh a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP). Déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir na bhforálacha in **Alt 7** na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a fhoilsíonn an CCSP.

Nuair a dhéantar iarratas ar athbhreithniú, ní mór don iarrthóir na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an gníomh nó cinneadh a rinneadh mícheart a chur i láthair. Is féidir go ndiúltófar d'iarratas ar athbhreithniú murar féidir leis an iarrthóir fíricí a chur i láthair maidir lena gcás.

Mar chuid d'Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta agus maidir leis an gcinneadh a rinneadh faoi iarratas an iarrthóra. Seolfar toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór iarratas ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie,  ó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe an tAthbhreithniú Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

### Gearán a dhéanamh faoi Alt 8

Is féidir go gceapfadh iarrthóir gur sháraigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Cód Cleachtais an Choimisiúin ar bhealach a chuireann as d'ionracas an chinnidh a rinneadh sa phróiseas ceapacháin. Tríd an bpróiseas gearáin is féidir le hiarrthóir gearán a dhéanamh faoi **Alt 8** chuig an tSCP ar dtús agus chuig an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc sa chás go bhfuil siad míshásta fós.

Mar thoradh ar phróiseas Gearáin faoi Alt 8, is féidir go socrófaidh an tSCP nó an CCSP nár chloígh an próiseas earcaíochta agus roghnaithe atá i gceist leis an gcaighdeán a leagtar amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den chineál seo, is féidir go ndeánfaidh an tSCP agus an CCSP moltaí chun a chinntiú nach dtiocfaidh na deacrachtaí céanna chun cinn arís sa todhchaí. **Ní féidir leis an gCCSP ordú a thabhairt don tSCP cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin a athrú.** Ba chóir d'iarrthóir atá ag iarraidh fiosrúchán a lorg maidir le cinneadh a rinneadh faoina n-iarratas mar chuid de phróiseas roghnaithe iarratas a dhéanamh ar Athbhreithniú faoi Alt 7, de réir mar a leagtar amach thuas.

Ní mór don ghearánaí na fíricí a léiríonn, dar leo, go raibh an próiseas mícheart a chur i láthair. Ní mór don ghearánaí an ghné den Chód a sáraíodh, dar leo, a shainaithint agus aon doiciméad ábhartha a

chabhródh lena líomhain a chur leis. Is féidir go gcaithfear amach gearán ar bith murar féidir leis an ngearánaí tacaíocht a thabhairt dá líomhaintí tríd an gcaoi ar theip ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí cloí le prionsabail an Chóid seo a thaispeáint.

Mar chuid den Ghearán Neamhfhoirmiúil, déanfar scrúdú ar aon eolas atá ar fáil maidir leis an bpróiseas earcaíochta. Seolfar toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh taobh istigh de 5 lá oibre ó fuarthas toradh an chinnidh, agus de ghnáth, socrófar é sé idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a raibh baint mhór acu leis an bpróiseas roghnaithe a riar.
- Sa chás go bhfuil an t-iarrthóir míshásta fós tar éis díospóireacht neamhfhoirmiúil dá leithéid a bheith acu, is féidir leo iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a lorg mar seo thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre tar éis fhógra an chéad chinnidh, nó laistigh de 5 lá oibre ó fógraíodh toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní féidir síneadh ar na teorainneacha ama seo a cheadú ach amháin i gcás imthosca atá neamhchoitianta ar fad agus is é an Príomhfheidhmeannach amháin a dhéanfaidh an cinneadh, mar is toil leo.

- Ní mór don iarrthóir a c(h)úis gearáin maidir leis an bpróiseas a chur i scríbhinn chuig an bPríomhfheidhmeannach (trí mheán an ríomhphoist chuig ceomailbox@publicjobs.ie, ó i scríbhinn chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1), ina leagann siad amach na fíricí a léiríonn, dar leo, go bhfuil an beart a rinneadh nó an cinneadh a rinneadh mícheart.
- Déanfaidh duine atá iomlán neamhspleách ón bpróiseas roghnaithe fiosrúchán maidir leis an nGearán Foirmiúil.
- Ní foláir toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ó fuarthas an t-iarratas ar athbhreithniú de ghnáth. Mura ndéantar cinneadh de bharr an fhiosrúcháin le linn na tréimshe ama seo, ní mór don tSCP an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas maidir le stádas an athbhreithnithe agus maidir le cúiseanna na moille.

**Tá tuilleadh eolais faoin nós imeachta thuas ar fáil sa Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí** www.cpsa.ie

### Iarratais ar Aiseolas/Thrialacha a Athsheiceáil

Tá aiseolas maidir leis an bpróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é i scríbhinn. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hathscrúdú.

Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus go bhfuil tréimhse ama ar leith ar gá cloí léi i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir síneadh a chur leis an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CCSP ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí athscrúduithe.

### Dualgais na nIarrthóirí

Níl cead ag iarrthóirí:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- iarrthóir a phearsanú ag céim ar bith den phróiseas
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil an t-ionracas fíorthábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón gcomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile, m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus go bhfuil cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (sleachta eolais, ceisteanna nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí san áireamh) nó ábhar bainteach nó agalla(i)mh a athchruthú nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, modh scríofa nó eile, ag am ar bith. Má dheantar a leithéid, coir atá i gceist agus is féidir go bhfágfar as an bpróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má chuidíonn siad le duine/daoine eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfear an dlí agus/nó agra sibihialta ar an duine sin as caillteanas cóipchirt nó maoine intleachtúla.

### Fearas Taifeadta a Úsáid

**Ní** cheadaíonn an tSCP aon fhearas taifeadta a úsáid gan chead. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúr socair nó taifeadadh físe de chineál ar bith, is cuma má tá taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil, agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith ar mhian leo fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideachas na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá an duine sin ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfaí an t-iarrthóir sin a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Ina theannta sin, sa chás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nár ceapadh i bpost iad, dícháileofar iad mar iarrthóir; agus
- sa chás gur ceapadh iad de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

### Cód Cleachtais a Shárú

Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas, nó a chuidíonn le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá an duine sin ciontach i gcion. Is féidir fíneáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh an duine i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

### Critéir ar leith an iarrthóra

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu

- An t-eolas agus an cumas le dualgais an phoist a chomhlíonadh a bheith acu
- A bheith oiriúnach ó thaobh dea-cháile de
- A bheith oiriúnach don cheapachán ar gach slí;
- agus má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:

Go n-aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus go nglacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán dualgais an phoist.

### Sláinte & Dea-Cháil

Ní mór sláinte mhaith a bheith ag iarrthóirí, ní mór dóibh a bheith in ann a gcuid oibre a dhéanamh agus ní mór dea-cháil a bheith orthu. Beidh ar dhaoine atá faoi mheas do phost dearbhú sláinte agus carachtair a shíniú. Lorgófar teistiméireachtaí. Tá imréiteach slándála speisialta ag teastáil do phoist áirithe agus ní mór foirm a chomhlíonadh ionas gur féidir leis na Gardaí scrúdú a dhéanamh uirthi. Sa chás go mbeadh coimhlint leasa ann, is féidir nach gcuirfí iarrthóirí faoi mheas do phoist áirithe.

### Nuair a mheastar go bhfuil iarrthóireacht tarraingthe siar

Glacfar leis go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh agus ar thrialacha eile ag an am cuí san áit chuí nó nach soláthraíonn, má iarrtar a leithéid orthu, cibé fianaise atá de dhíth ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

Ní mór d'iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a eisíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí san áireamh, a chur ar fáil taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir siar ón gcomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht a thuilleadh.

### Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Tá sé mar aidhm seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraimid ort an t-ábhar a chur in iúl don aonad nó don bhall foirne cuí. Tá sé tábhachtach go ndéantar amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuilimid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir linn bearta a chur i bhfeidhm chun an scéal a réiteach.

Tabhair faoi deara: Mura gcloiseann an tSeirbhís um Cheapacháin faoi aon cheist nó faoi aon fhabhb a tharlaíonn duit roimh nó ar lá na dtrialacha/an agallaimh, ní bheimid in ann plé leo ina dhiaidh sin.

Cuirfear aiseolas i scríbhinn ar fáil má iarrtar é.  Ní chuireann iarratas ar aiseolas as don tréimhse ama atá leagtha amach d'athbhreithniú a lorg.

### An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreat reatha um chosaint sonraí faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE. Nuair a chláraíonn tú ar publicjobs.ie nó má chuireann tú iarratas isteach, cruthaítear taifead ríomhaire faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Má roghnaítear thú ón gcomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfear d'iarratas ar aghaidh chuig rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar cuireadh ag obair thú.

Chun iarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, seol d'iarratas chuig: dpo@publicjobs.ie agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil. Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta atá i seilbh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí leagtha amach ar leathanach a bhaineann leis an gCosaint Sonraí ar www.publicjobs.ie

### Nochtaí Cosanta

Tá Polasaí na SCP i dtaca le Nochtaí Cosanta (lena n-áirítear Roghanna Tuairiscithe do gach duine a chlúdaítear sa Pholasaí) ar fáil available anseo.